# Chlár Oibre Críochach 2030

## Todhchaí do gach áit



#TerritorialAgenda

A future for all places

**Cruinniú neamhfhoirmiúil de hAirí atá freagrach as an bpleanáil spásúil, forbairt chríochach agus/nó comhtháthú críochach**

**1 Nollaig 2020, an Ghearmáin**

# CHLÁR OIBRE CRÍOCHACH 2030

Todhchaí do gach áit

## I Brollach

(1) Tá athbhreithniú déanta againne, na hAirí atá freagrach as an bpleanáil spásúil, forbairt chríochach agus/nó comhtháthú críochach, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le Coiste Eorpach na Réigiún, le Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus le comhlachais náisiúnta agus Eorpacha ábhartha eile, ar an gClár Oibre Críochach a seoladh in 2007 agus a tugadh cothrom le dáta in 2011. Táimid ar aon intinn faoi Chlár Oibre Críochach 2030.

(2) Spreagaimid ár gcomhghleacaithe i dtíortha comharsanacha le haird a thabhairt ar an gClár Oibre Críochach agus é a chur i gcrích, cosúil linne, ar an leibhéal Eorpach, trasnáisiúnta, macrairéigiúnach agus trasteorann. Tá fáilte roimh chách úsáid a bhaint as an gClár Oibre Críochach laistigh dá dtír féin ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus i gcomhar le tíortha eile.

(3) Spreagaimid gach duine a bhfuil baint aige le beartais um pleanáil spásúil agus um fhorbairt chríochach ar gach leibhéal riaracháin agus rialachais san Aontas Eorpach, agus do thíortha comharsanacha, an Clár Oibre Críochach a chur i ngníomh. Tá feidhm ag an gClár Oibre Críochach i ngach áit, agus dírítear leis ar chaidreamh frithpháirteach agus ar fholláine daoine.

(4) Tá an Clár Oibre Críochach bunaithe ar na conclúidí i dtuarascáil an Ghréasáin Faire Eorpach um Fhorbairt Chríochach agus um Chomhtháthú Críochach (ESPON) 'Tuarascáil ar Staid Chríoch na hEorpa' ('StateoftheEuropeanTerritoryReport') (2019), i gcreat EPSON dar teideal 'Creat Tagartha Críochach na hEorpa' (EuropeanTerritorialReferenceFramework') (2019) agus sa cháipéis ón gCoimisiún Eorpach, 'An Seachtú Tuarascáil faoin gComhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach' ('SeventhReportonEconomic, SocialandTerritorialCohesion') (2017). Cuirtear

san áireamh ann freisin tuarascálacha a foilsíodh le déanaí ar an bpleanáil spásúil, ar chomhtháthú críochach agus ar fhorbairt chríochach, Beartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh agus na codanna ábhartha de bheartais earnála ón gCoimisiún Eorpach, ó Choiste Eorpach na Réigiún, agus ó Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

(5) Leis an gClár Oibre Críochach, cuirtear san áireamh creata beartais agus cláir oibre a ceapadh le déanaí, lena n-áirítear Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe de chuid na Náisiún Aontaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (2015), Comhaontú Pháras (2015), Clár Oibre Uirbeach Nua na Náisiún Aontaithe (2016), páipéar machnaimh ón gCoimisiún Eorpach ‘I dTreo Eoraip Inbhuanaithe faoi 2030’ (2019), an togra maidir le todhchaí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh 2021-2027 (2018), Clár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach (2016), Cairt Nua Leipzig (2020), Dearbhú Chorcaí 2.0 maidir le Saol Níos Fearr i gCeantair Thuaithe (2016) agus prionsabail ECFE maidir le Beartas Uirbeach agus Beartas Tuaithe (2019), chomh maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip, leis an bPlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe agus an Sásra um Aistriú Cóir (2020) a ghabhann leis, Clár Téarnamh an Aontais (2020) agus na conclúidí ábhartha ó Uachtaránachtaí na hOstaire, na Rómáine, na Fionlainne agus na Cróite ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

(6) Leis an gClár Oibre Críochach soláthraítear creat atá dírithe ar ghníomhaíocht chun comhtháthú críochach san Eoraip a chur chun cinn. Is aidhm de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhtháthú críochach, aidhm a tugadh isteach leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (Airteagal 3, CAE). Is é is brí leis an gcomhtháthú críochach forbairt chríochach a bheadh cothrom agus comhchuí a chur chun cinn idir tíortha, réigiúnacha, cathracha agus bardais agus laistigh díobh, chomh maith le todhchaí do gach áit agus gach duine san Eoraip a áirithiú, ag cur le héagsúlacht áiteanna agus le coimhdeacht. Déantar níos mó comhdheiseanna a chumasú leis, lena n-áirítear rochtain ar sheirbhísí poiblí do dhaoine agus d'fhiontair, pé áit a bhfuil siad lonnaithe. Dírítear ar na gnéithe sin ar scála uirbeach i gCairt Nua Leipzig. Leis an gcomhtháthú críochach, treisítear dlúthpháirtíocht chun an cóineasú a chur chun cinn agus chun neamhionannais idir áiteanna saibhre agus áiteanna ar lú a n-ionchas le

rathúnas nó atá ag titim ar gcúl a laghdú. Leis an gcomhtháthú críochach, cuidítear le gach áit feidhmiú ar an mbonn is fearr is féidir agus úsáid á baint as a sócmhainní féin trí infheistíocht áitbhunaithe. Is chun leasa na hEorpa ina hiomláine agus gach tír faoi leith é sin.

(7) Leis an gClár Oibre Críochach, leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le pleanáil spásúil straitéiseach agus cuirtear treoshuíomh ar fáil ina leith, agus éilítear an ghné chríochach de bheartais earnála a threisiú ar gach leibhéal rialachais. Déantar iarracht leis todhchaí ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn do gach áit agus cuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach san Eoraip.

(8) Tá gá le tneamhionannais a chuireann isteach ar an acmhainneacht atá ag an Eoraip, ag tíortha, ag bardais agus ag réigiúin cur lena gcuid rathúlachta a theorannú. Ní féidir é sin a bhaint amach ach trí níos mó airde a dhíriú ar éagsúlacht áiteanna san Eoraip, agus ar an bpoitéinseal forbartha agus ar na dúshláin a bhaineann leo.

(9) Fad a bhí athbhreithniú á dhéanamh ar an gClár Oibre Críochach, athraíodh ceapadh beartas agus ar forbhreathnuithe forbartha amach anseo de dheasca phaindéim COVID-19. Mar gheall go mbíonn impleachtaí beartais agus freagairtí beartais éagsúla i gcríocha éagsúla mar gheall ar dhálaí difriúla, léirítear leis an bpaindéim go bhfuil críocha tábhachtach agus go bhfuil siad thar a bheith idirspleách. Ba cheart go mbeadh ról tábhachtach ag an gcomhtháthú críochach sa phróiseas téarnaimh. Tá beartais um fhorbairt chríochach agus comhar maidir le comhchuspóirí fíor-riachtanach chun cur le hathléimneacht bardas, réigiún agus tíortha,agus a bpróisis téarnaimh á neartú an tráth céanna.

(10) I gcomhréir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Airteagail 174, 175 agus 349, CFAE), ba cheart gach beartas agus gníomh de chuid an Aontais rannchuidiú le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Éilítear comhiarrachtaí chun oibriú i dtreo comhtháthú críochach inbhuanaithe agus chun neamhionannais idir daoine agus áiteanna a theorannú. Chun na críche sin, ní mór do bheartais earnála, údaráis bhardais, réigiúnacha, náisiúnta agus an Aontais, agus údaráis eile, chomh maith le grúpaí éagsúla sa tsochaí, teacht le chéile. Ní mór dóibh dul i gcomhar chun cothromaíocht a bhaint amach

idir ionchuimsitheacht, inbhuanaitheacht, iomaíochas agus athléimneacht trí fhorbairt chríochach chomhtháite, rannpháirteach agus nuálach.

(11) D'fhéadfadh go mbeadh gá ag rialtais réigiúnacha agus áitiúla le tacaíocht sheachtrach chun forbairt ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a áirithiú. Féadfaidh tacaíocht den sórt sin a bheith faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh agus faoin mBeartas Forbartha Tuaithe laistigh den Chomhbheartas Talmhaíochta, le cuspóirí agus infheistíochtaí i ngach réigiún. Tá ábharthacht faoi leith leis sin le haghaidh críocha ar lú a n-ionchas le rathúnas amach anseo, iad sin atá ag titim ar gcúl agus críocha atá faoi mhíbhuntáiste nádúrtha nó déimeagrafach atá dian agus buan.

(12) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, in éineacht lena Phlean Infheistíochta d'Eoraip Inbhuanaithe agus a Shásra um Aistriú Cóir, chomh maith le beartais earnála ghaolmhara an Aontais agus obair ar Fhís fhadtéarmach do cheantair thuaithe, cuirtear deis ar fáil chun sineirgí a chur chun cinn idir an Clár Oibre Críochach agus straitéisí agus beartais uileghabhálacha an Aontais. Leis an gComhaontú Glas déantar nasc idir cuspóirí glasa agus cuspóirí an Aistrithe Chóir, agus is é an aidhm atá leis dul i ngleic le héifeachtaí an aistrithe fuinnimh nach scaiptear go cothrom, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tionchar an athraithe aeráide, agus dúshláin chomhshaoil eile a laghdú. Is é an aidhm atá leis dúshláin aeráide agus chomhshaoil a iompú ina ndeiseanna, agus an t-aistriú a dhéanamh cóir agus ionchuimsitheach do chách. Dá bharr sin, cuireann an Comhaontú Glas don Eoraip deis ar fáil chun sineirgí a chur chun cinn idir an Clár Oibre Críochach agus straitéisí agus beartais uileghabhálacha an Aontais. Tá sé i gcomhréir le coincheap an chomhtháthaithe chríochaigh agus leis an gcur chuige áitbhunaithe, rud a chuireann le poitéinseal éagsúil gach áite agus a fheabhsaíonn an chothromaíocht chríochach fhoriomlán san Eoraip.

(13) Iarraimid ar na daoine a bhfuil baint acu le forbairt chríochach agus le pleanáil spásúil straitéiseach ar gach leibhéal tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a chur san áireamh. Iarraimid freisin ar na daoine atá freagrach as beartais earnála a cheapadh agus a chur chun feidhme – ar gach leibhéal rialachais – aird a thabhairt ar na tosaíochtaí sin. Tá an comhleanúnachas idir beartais uile an Aontais, beartais náisiúnta agus beartais fhonáisiúnta tábhachtach le haghaidh an chomhtháthaithe chríochaigh. Tá tionchar críochach nach beag ag formhór na mbeartas agus bíonn éifeacht acu, ar bhealaí éagsúla, ar dheiseanna maidir leis an bhforbairt chríochach. Féadfaidh beartais chomhordaithe agus áitbhunaithe cur go mór le comhleanúnachas agus le héifeachtacht beartas agus na héifeachtaí diúltacha ó bheartais atá ag teacht salach ar a chéile a laghdú.

(14) Iarraimid ar chinnteoirí agus ar údaráis sna Ballstáit, i réigiúin, ceantair uirbeacha, cathracha, bailte, bardais, ceantair thuaithe agus áiteanna eile rannchuidiú le todhchaí ionchuimsitheach agus inbhuanaithe le haghaidh gach áite agus gach duine. Féadfaidh áiteanna a bhfuil poitéinseal nó dúshláin chomhchoiteanna acu dul i gcomhar chun teacht ar réitigh chomhchoiteanna. Féadfaidh áiteanna a bhfuil poitéinseal comhlántach acu teacht le chéile chun a mbuntáistí comparáideacha a scrúdú chun poitéinseal forbartha breise a chruthú. Éascóimid a gcumas maidir le freagairtí beartais níos éifeachtaí a fhorbairt trí chomhar níos dlúithe.

(15) Leisan gcur chuige áitbhunaithe i leith ceapadh beartas, cuirtear leis an gcomhtháthú críochach. Tá sé bunaithe ar chomhordú cothrománach agus ingearach, ar cheapadh beartas fianaise-bhunaithe agus ar fhorbairt chríochach chomhtháite. Tugann sé aghaidh ar leibhéil dhifriúla rialachais (rialachas il-leibhéil) a rannchuidíonn le coimhdeacht. Áirithíonn sé comhar agus comhordú agus bíonn saoránaigh, an tsochaí shibhialta, gnólachtaí, institiúidí taighde agus eolaíochta agus lárionaid eolais rannpháirteach ann. Is é an aidhm is mó atá leis poitéinseal críochach uathúil a scaoileadh, poitéinseal a bhaineann le caipiteal críochacháitbhunaithe, eolas agus sócmhainní, fad a aithnítear an gá atá le réitigh shaincheaptha i gcineálacha éagsúla críoch. Trí straitéisí Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a mbeidh cur chuige áitbhunaithe

acu a fhorbairt agus a chur chun feidhme, cuirfear le forbairt agus iomaíochas fadtéarmach áiteanna.

(16) Tá prionsabail choiteanna ag an gClár Oibre Críochach agus ag Cairt Nua Leipzig: an cur chuige áitbhunaithe, comhordú beartas agus creata beartas il-leibhéil. Tacaíonn an Clár Oibre Críochach leo mar phrionsabail uileghabhálacha le haghaidh gach áite agus gach earnála beartais. Tugtar treoir i gCairt Nua Leipzig faoi na prionsabail sin a chur chun feidhme i gcathracha, i gceantair uirbeacha, ina gcuid réigiún feidhme agus i gceantair pheirea-uirbeacha. Dá bhrí sin, tacaímid le comhar neartaithe idir leibhéil spáis agus iontu uile, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí uirbeacha-tuaithe.

(17) Mar a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig, trí na prionsabail maidir le dea-rialachas uirbeach agus dearadh ardcháilíochta, áirithítear áiteanna tarraingteacha, ionchuimsitheacha, marthanacha, inoiriúnaithe, rud a chuidíonn leo a bheith níos deise agus níos tarraingtí do dhaoine le bheith ag obair agus ina gcónaí iontu agus sult a bhaint astu. Tá sé fíor-riachtanach go ndéanann údaráis phoiblí pleanáil fhorghníomhach maidir le dearadh ardcháilíochta agus ionchuimsitheach agus forbairt ár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte á breithniú acu.

(18) Iarraimid ar phobail agus ar an tsochaí shibhialta ar fud na hEorpa cuidiú leis na difríochtaí forbartha idir daoine agus áiteanna a shárú, ar difríochtaí iad atá ag dul i méad. Gníomh lárnach maidir leis an Eoraip a choimeád le chéile é naisc a chothú idir daoine a bhfuil ioncaim, cúlraí oideachais, cultúir, traidisiúin agus reiligiúin éagsúla acu. Éascóimid comhar agus méadóimid dlúthpháirtíocht sa tsochaí shibhialta chun leithscaradh a laghdú agus chun cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, chomh maith leis an éagsúlacht a úsáid mar shócmhainn chun leasa gach duine.

(19) Baintear tearcúsáid as éagsúlacht na n-áiteanna san Eoraip. Le ceapadh beartas áitbhunaithe, d'fhéadfaí acmhainneacht neamhshaothraithe a scaoileadh. Tá sé fíor-riachtanach iarrachtaí a chomhcheangal ar fud beartais earnála, leibhéil rialachais, áiteanna agus grúpaí sa tsochaí chun Eoraip ionchuimsitheach agus inbhuanaithe a chruthú lena soláthrófar ionchais do gach duine agus do gach áit amach anseo, lena gcosnófar slite beatha coitianta agus lena múnlófar aistrithe.

# II An fáth nach mór dúinn gníomhú

(20) I staidéir a rinneadh le déanaí, lena n-áirítear staidéir ó ESPON, an Coimisiún Eorpach, Coiste Eorpach na Réigiún, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Domhanda agus gníomhaithe eile idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha, cuirtear i dtábhacht go bhfuil dúshláin ollmhóra eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil roimh an Eoraip ach go bhfuil ardphoitéinseal aici freisin feabhas a chur ar dhálaí maireachtála i ngach áit agus le haghaidh gach duine. Dá bharr sin, éilítear freagairtí beartais a bhfuil gné láidir chríochach acu, agus cuir chuige chomhordaithe lena dtugtar aitheantas d'éagsúlacht agus do chúinsí sonracha áiteanna, agus lena mbaintear úsáid astu.

(21) Is iomaí cineál áite difriúla san Eoraip, amhail réigiúin phríomhchathracha, ceantair uirbeacha, bailte beaga agus meánmhéide, ceantair pheirea-uirbeacha, ceantair thuaithe, ceantair fhorimeallacha inmheánacha, ceantair fhorimeallacha, na ceantair is faide ó thuaidh, ceantair is tearc daonra, oileáin, ceantair chósta, ceantair shléibhe, na réigiúin is forimeallaí, ceantair trasteorann, macrairéigiúin, ceantair ina bhfuil laghdú déimeagrafach agus ceantair atá ag dul faoi chlaochlú eacnamaíoch agus aistriú tionsclaíoch. Baineann poitéinseal agus dúshláin atá thar a bheith difriúil le gach ceann díobh sin. Tá méadú ag teacht ar na héagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta idir áiteanna agus idir daoine, chomh maith le rioscaí agus brúnna comhshaoil, ar gach leibhéal, ón leibhéal fo-áitiúil go dtí an leibhéal uile-Eorpach. Barainneachtaí scála, rochtain mhíchothrom ar mhargaí agus ar shaothar cáilithe, chomh maith le héagothromaíochtaí i gcáilíocht an rialachais agus i seirbhísí poiblí is cúis leis sin. Thairis sin, déanann naisc agus sreabhadh idir áiteanna, go háirithe feadh conairí, difear do dheiseanna maidir le poitéinseal a scaoileadh nó freagairt do dhúshláin.

## Cáilíocht rialtais agus rialachais

(22) Is prionsabal leathan, tábhachtach í cáilíocht na bpróiseas rialtais agus rialachais maidir leis an bhforbairt áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach. Tá tábhacht ag baint leis an gcáilíocht sin i gcás folláine sochaí agus is réamhriachtanas í chun caighdeáin mhaireachtála, infheistíochtaí, muinín shóisialta agus dlisteanacht pholaitiúil a fheabhsú ar bhonn inbhuanaithe agus fadtéarmach. Chun straitéisí agus infheistíochtaí áitbhunaithe comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme, teastaíonn comhar ar fud beartais earnála, chomh maith le leibhéil rialtais agus rialachais, agus rannpháirtíocht le pobail áitiúla freisin. Tá sé tábhachtach go háirithe cur le cur chun feidhme na straitéisí ar bhealach rannpháirteach.

(23) Mar ar tugadh chun suntais sa Seachtú Tuarascáil faoin gComhtháthú, tá éagsúlacht sa cháilíocht rialtais agus rialachais ar gach leibhéal ar fud na hEorpa. Is idir tíortha atá na difríochtaí is mó agus tá éagsúlachtaí laistigh de thíortha freisin. Le cáilíocht íseal rialtais agus rialachais, cruthaítear an riosca go dtiocfaidh laghdú ar an áirgiúlacht imeallach agus ar thorthaí ar infheistíochtaí i mbonneagar, i gcaipiteal daonna agus i dteicneolaíocht sa chríoch.

## Téann daoine agus áiteanna i bhfán óna chéile

### Míchothromaíochtaí agus neamhionannais mhéadaitheacha

(24) Leis an athrú ar gheografaíocht shóisialta agus eacnamaíoch na hEorpa, méadaítear neamhionannas agus brúitear daoine agus áiteanna i bhfán óna chéile. Bíonn roinnt pobal agus roinnt grúpaí sa tsochaí den tuairim nach gcuirtear a gcuid ábhar imní agus ionchas san áireamh i gcuspóirí agus i ndearcthaí Eorpacha agus náisiúnta. Cuirtear é sin in iúl sa díospóireacht maidir le 'leagan amach tíreolaíoch na míshástachta'. Go deimhin, baineann gné spásúil le leathnú na n-éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha san Eoraip, amhail leithscaradh laistigh de bhailte, cathracha, ceantair thuaithe nó réigiúin, laistigh de réigiúin nó tíortha agus laistigh den Eoraip. Féadfaidh

éagsúlacht sách mór maidir leis na peirspictíochtaí a bheidh ann amach anseo a bheith mar thoradh ar mhéadú a theacht ar neamhionannas agus éagothromaíochtaí. Leis an gClár Oibre Críochach, cuirtear na dúshláin sin i dtábhacht agus tarraingítear aird an lucht ceaptha beartas orthu.

(25) Tá gá le gníomhaíocht sna réimsí seo a leanas:

(26) **Cáilíocht saoil:** Ba cheart feabhsú folláine agus cáilíochta saoil na saoránach a bheith ina chuspóir bunúsach ag gach beartas poiblí. Baineann siad sin le níos mó ná an fheidhmíocht eacnamaíoch, caighdeáin mhaireachtála agus gnéithe ábhartha, toisc go gcuimsíonn siad rochtain ar sheirbhísí poiblí ardcháilíochta, saoirse gluaiseachta agus ailtireacht agus timpeallachtaí tógtha sláintiúla, athléimneacha agus ardcháilíochta. Baineann gné chríochach leo freisin, ó éagothromaíochtaí idir comharsanachtaí amhail eisiamh sóisialta agus bochtaineacht uirbeach go héagothromaíochtaí idir réigiúin agus tíortha.

(27) **Seirbhísí leasa ghinearálta:** Tá inrochtaineacht, gaireacht, inacmhainneacht agus cáilíocht seirbhísí poiblí tábhachtach maidir le cáilíocht saoil agus forbairt ghnó. Féadfaidh tharraingt siar seirbhísí as láithreacha áirithe nó cruinniú seirbhísí i láithreacha áirithe a bheith mar thoradh ar an ngá atá le tuilleadh cost-éifeachtúlachta agus le bainistíocht phoiblí éifeachtach. An tráth céanna, tagann méadú ar an méid inrochtaineachta agus cáilíochta a mbítear ag súil leis. Leis na difríochtaí sa rochtain ar sheirbhísí leasa ghinearálta, cruthaítear an riosca go gcuirfear brú ar sholáthróirí seirbhísí, fiontair agus gníomhaíochtaí sóisialta iad féin a athlonnú i gceantair a bhfuil rochtain níos fearr orthu sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Féadfaidh teicneolaíochtaí nua le haghaidh seirbhísí ar líne íogaireacht na gceantar imeallach ó thaobh brúnna athlonnaithe den sórt sin a laghdú. An tráth céanna, tá méadú ag teacht ar na dúshláin a bhaineann le rochtain ar thithíocht inacmhainne i gceantair faoi leith, go háirithe sa chás go laghdaítear an stoc tithíochta go mór mar gheall ar an gcóiríocht shealadach agus seirbhísí turasóireachta, rud a chuireann le heaspa dídine, uaisliú agus eisiamh sóisialta.

(28) **Míchothromaíochtaí déimeagrafacha agus sochaíocha:** Le daonra atá ag dul in aois, imirce intíre agus laistigh den Eoraip, lena n-áirítear dídhaonrú, cruthaítear dúshláin do chórais leasa na hEorpa agus don fhorbairt áitiúil agus

réigiúnach. Tá impleachtaí sóisialta géara ag an dinimic dhéimeagrafach sin, lenan-áirítear eisiamh sóisialta agus neamhionannas, chomh maith le dúshláin maidir le soláthar seirbhísí poiblí, margaí saothair agus tithíocht. Léirítear leis an dul in aois agus an imirce go bhfuil tuilleadh daoine i gceantair uirbeacha agus go bhfuil dídhaonrú ann i gceantair thuaithe agus imeallacha. Baineann sé sin go háirithe le ceantair iargúlta ina bhfuil easpa rochtana ar sheirbhísí poiblí agus ar dheiseanna eacnamaíocha agus sóisialta. D'fhéadfadh sreabhadh imirce amach as an Eoraip, lena n-áirítear eisimirce daoine óga, éirimiúla agus inimirce dídeanaithe, na dúshláin sin a ghéarú.

(29) **An Digitiú agus an 4ú réabhlóid thionsclaíoch:** Leis an digitiú agus teicneolaíochtaí bunathraitheacha, déanfar an fhorbairt eacnamaíoch agus shochaíoch a mhúnlú san Eoraip. Sa 4ú réabhlóid thionsclaíoch, déanfar teicneolaíochtaí a chumasc agus beidh an difríocht idir córais fhisiciúla, dhigiteacha agus bhitheolaíocha doiléir dá bharr, rud a athróidh an margadh saothar go suntasach. Cruthaítear geilleagair den chineál 'an té a mbíonn an bua leis bíonn an chreach leis' mar thoradh ar an gcomhchruinniú eacnamaíoch agus réitigh nua theicneolaíochta a bheith á leathadh amach go tapa ar fud an domhain. Tá an méid sin ábhartha go háirithe i gcás réigiúin agus ceirtleáin uirbeacha atá ag dul faoi aistriú eacnamaíoch. Is gá d'údaráis phoiblí agus do chinnteoirí a bheith nuálaíoch ar bhonn leanúnach agus a bheith rannpháirteach san idirphlé le páirtithe leasmhara chun ullmhú d'aistrithe agus chun beartais a mhúnlú go héifeachtach. Éilítear leis sin freisin cosaint sonraí agus cearta príobháideachais, rialtas digitithe agus claochlú digiteach na hEorpa a chur san áireamh. Is gnéithe ollmhóra den mhéadú ar neamhionannas críochach iad deighiltí san oideachas, i scileanna digiteacha agus sa rochtain ar leathanbhanda. Is minic a bhíonn daoine scothaosta agus daoine a chónaíonn i gceantair thuaithe (e.g. i gceantair shléibhe nó ar oileáin) i mbaol a bheith eisiata ó phróisis claochlaithe dhigitigh.

(30) **An fhostaíocht agus an fhorbairt eacnamaíoch:** Bíonn dlúthcheangal idir geilleagair áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip agus bíonn siad idirspleách ar a chéile trí shlabhraí luacha casta. Bíonn éifeacht ar ionchais eacnamaíocha agus fostaíochta ag dálaí forbartha áitiúla nach mbíonn neart ag cinnteoirí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha orthu. Bíonn feidhmíocht eacnamaíoch

agus deiseanna fostaíochta níos fearr ag áiteanna thar a chéile, e.g. de bharr leibhéil níos airde iomaíochais, inniúlacht airgeadais agus infheistíochta, dálaí atá tarraingteach le haghaidh infheistíochtaí, cúinsí fabhracha gnó, bonneagair réigiúnacha fhorbartha, córais nuálaíochta réigiúnacha éifeachtacha, leibhéil níos airde maidir le gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta, rochtain ar oideachas maith, lucht saothair oilte, chomh maith le timpeallachtaí maithe fiontraíochta agus nádúrtha. Treisítear leis sin go mbíonn áiteanna ann atá níos saibhre agus cuirtear tuilleadh le héagothromaíochtaí agus éagothroime. Gné thábhachtach eile is ea an fás uirbeach agus an fhorbairt pholalárnach.

(31) **Idirspleáchas idir áiteanna:** Cé go bhfuil roinnt áiteanna san Eoraip ag dul i bhfán óna chéile, tá áiteanna eile ag éirí níos idirspleáiche ar a chéile freisin. Ciallaíonn na seachtrachtaí dearfacha agus diúltacha sin go ndéanann forbairtí in áit amháin difear do phoitéinseal in áit eile, mar sin féadfaidh athruithe i gcuid amháin den Eoraip difear a dhéanamh do chodanna eile den mhór-roinn. Is sna comhchruinnithe geilleagar agus sna héagothromaíochtaí atá ag dul i méid idir ceantair atá faoi bhláth (ceantair uirbeacha go minic) agus ceantair a bhfuil meath ag teacht orthu (ceantair thuaithe go minic) is mó a fheictear an t-idirspleáchas sin. Tá sé le feiceáil sa deighilt leanúnach lár/imeall san Eoraip agus go náisiúnta. Tá éagothromaíochtaí agus difríochtaí ag teorainneacha inmheánacha agus go háirithe teorainneacha seachtracha an Aontais maidir leis na córais dhlíthiúla, shóisialta agus pholaitiúla a dhéanann difear don fhorbairt áitiúil agus réigiúnach. Féadfaidh acmhainní daonna, cultúrtha, eacnamaíocha agus éiceolaíocha tearcúsáidte i réigiúin teorainn a bheith mar thoradh ar bhacainní ar an gcomhtháthú idir áiteanna, rud a chuireann lena suíomh imeallach agus lena n-eisiamh sóisialta.

(32) **Leabú domhanda:** Tá an Eoraip fite fuaite leis an ngeilleagar domhanda. Bíonn an fhorbairt áitiúil agus réigiúnach san Eoraip faoi thionchar straitéisí domhanda chomh maith le forbairtí geopholaitiúla agus socheacnamaíocha nach bhfuil neart ag cinnteoirí áitiúla agus réigiúnacha orthu, lena n-áirítear dinimic san Eoráise agus i Réigiún na Meánmhara. Is iomaí saoránach agus fiontar Eorpach atá rannpháirteach i líonraí sóisialta agus eacnamaíocha ar fud an domhain. Dá bharr sin, tá forbairt i réigiúin Eorpacha, i gceantair uirbeacha, i

gcathracha agus i mbailte nasctha le háiteanna eile agus leis an sreabhadh earraí, seirbhísí, infheistíochtaí, daoine agus smaointe ar fud an domhain. Go hachomair, bíonn tionchar ag forbairtí eisginiúla ar ionchais fhorbartha le haghaidh áiteanna san Eoraip. Níl an poitéinseal ná na leochaileachtaí atá nasctha le forbairtí domhanda dáilte go cothrom ar fud na hEorpa. Thairis sin, tá laige na slabhraí soláthair domhanda agus easpa athléimneachta i roinnt earnálacha agus críocha eacnamaíocha tugtha chun solais ag paindéim COVID-19.

## Forbairt inbhuanaithe agus athrú aeráide

### Brúnna ar an gcomhshaol ag dul i méid

(33) Tá dúshláin na forbartha inbhuanaithe domhanda thar a bheith ábhartha maidir le forbairt áitiúil agus réigiúnach agus le dálaí maireachtála san Eoraip. Baineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide, le díghrádú an chomhshaoil agus leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach. Cuirtear béim ar a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, ar an athléimneacht agus ar an aistriú chuig forbairt níos inbhuanaithe i ndíospóireachtaí polaitiúla agus sochaíocha, mar a chuirtear in iúl i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Déantar na hábhair imní sin a aistriú go straitéiseach i gclár oibre de chuid an Aontais leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le tuarascálacha tíre de chuid an tSeimeastair Eorpaigh. Baineann poitéinseal difriúil agus dúshláin dhifriúla leis an aistriú chuig forbairt inbhuanaithe i gcás ceantair thuaithe, bailte, cathracha agus réigiúin dhifriúla.

(34) Tá gá le gníomhaíocht sna réimsí seo a leanas:

(35) **Athrú aeráide:** Tá éagsúlacht mhór agus méideanna difriúla leochaileachta ag baint le tionchar an athraithe aeráide i réigiúin gheografacha dhifriúla ar fud na hEorpa. Tá gá le freagairtí áitbhunaithe, comhar agus beartais chomhordaithe mar gheall ar na rioscaí méadaithe maidir leis an ardú atá ag teacht ar leibhéal na mara, tonnta teasa, tinte foraoise, triomach, fairsingiú fásaigh, díghrádú eile talún agus ithreach, tuilte agus guaiseacha eile nádúrtha agus nádúrtha agus teicniúla measctha. Féadfaidh gníomhartha maolaithe ar an athrú aeráide agus

oiriúnaithe don athrú aeráide deiseanna forbartha nua a chruthú d'áiteanna fiú. Féadfaidh baint a bheith aige sin leis an talmhaíocht, an bithgheilleagar, geilleagair ghlasa, ghorma agus chiorclacha, agus táirgeacht fuinnimh in-athnuaite. Braitheann tionchair ón athrú aeráide, chomh maith le gníomhartha maolaithe agus oiriúnaithe, ar an gcomhthéacs críochach agus éilítear freagairtí saincheaptha ina leith, ar gach leibhéal.

(36) **Caillteanas na bithéagsúlachta agus ídiú talún:** Cruthaíonn mear-chaillteanas na bithéagsúlachta ar de dhéantús an duine é rioscaí tromchúiseacha d'éiceachórais agus do dhálaí maireachtála fadtéarmacha. Imríonn sé sin tionchar ar shlite beatha, ar cháilíocht saoil agus ar gheilleagair áitiúla. Trí bhíthin méadú ar thógáil talún agus cósta, séalú ithreach agus sraoilleáil uirbeach, laghdaítear spásanna oscailte, bithéagsúlacht agus ithir shaibhir, fad a chuirtear le teasoileáin uirbeacha freisin, rud a mbíonn tionchar aige ar fheidhmiú éiceachóras. An tráth céanna, cuireann láithreáin thréigthe, dhearóile agus thearcúsáidte poitéinseal ar fáil chun úsáid na talún a athrú.

(37) **Cáilíocht an aeir, na hithreach agus an uisce:** Tá sé sin fíor-riachtanach le haghaidh fholláine an duine. Cruthaíonn truailliú an aeir, torann, ithir éillithe agus dobharlaigh screamhuisce agus uisce dromchla truaillithe fadhbanna sláinte tromchúiseacha a fhéadtar a chomhghaolú le neamhionannas sóisialta. Tá éagothromaíochtaí ann maidir le rochtain ar aer glan, uisce glan agus ithir ghlan, ní hamháin idir tíortha agus réigiúin ach idir ceantair uirbeacha agus thuaithe freisin, chomh maith le laistigh de bhailte, de chathracha agus de cheantair uirbeacha.

(38) **Fuinneamh slán, inacmhainne agus inbhuanaithe:** Teastaíonn rochtain ar sholáthairtí fuinnimh inbhuanaithe, shláin agus inacmhainne ó shaoránaigh agus ó fhiontair san Eoraip. Tá sé sin tábhachtach don fhorbairt áitiúil agus réigiúnach. Méadaíonn allmhairí suntasacha ó thríú tíortha atá leochaileach don mhíshocracht eacnamaíoch nó pholaitiúil fadhbanna maidir le slándáil fuinnimh. Le praghsanna fuinnimh luaineacha agus astaíochtaí atá ag dul i méid, tarraingítear aird ar an ngá atá le réitigh inbhuanaithe agus athléimneacha, amhail fuinneamh in-athnuaite agus níos glaise, gníomhaíochtaí eacnamaíocha dícharbónaithe agus bearta eile lena méadaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus

lena laghdaítear ídiú fuinnimh. Le bonneagar fuinnimh neamhleor agus le spleáchas ar na líonraí reatha, éilítear táirgeacht agus soláthar fuinnimh éagsúlaithe, chomh maith le forbairt agus comhtháthú an mhargaidh fuinnimh.

(39) **Aistriú cóir:** Chun geilleagar aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050, éilítear gníomhaíocht dícharbónaithe ar fud na hEorpa. Tá costais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta arda ag baint leis an aistriú sin, go háirithe do na críocha agus do na daonraí is mó a bhraitheann ar bhreoslaí iontaise agus do na tionscail a astaíonn méid suntasach gás ceaptha teasa. Is é cuspóir an aistrithe chóir a áirithiú go ndéanfar an dul chun cinn i dtreo geilleagar aeráidneodrach ar bhealach cothrom, nach bhfágfar aon duine ná aon áit ar gcúl, agus go soláthrófar ardcháilíocht saoil do chách. Teastaíonn infheistíochtaí ó na críocha a bhfuil tionchar diúltach orthu ag an bpróiseas aistrithe chun a chur ar chumas réigiúin agus daoine dul i ngleic le tionchar sóisialta, eacnamaíoch agus comhshaoil an aistrithe i dtreo geilleagar aeráidneodrach faoi 2050.

(40) **Slabhraí luacha ciorclacha:** Is cuspóir tábhachtach maidir le geilleagar neodrach ó thaobh carbóin de/aeráidneodrach é an geilleagar ciorclach. Is é an aidhm atá leis an ngeilleagar ciorclach bearnaí ábhartha agus fuinnimh a dhúnadh trí dhearadh, cothabháil, deisiú, athúsáid, athmhonaraíocht, athchóiriú agus athchúrsáil fhadmharthanach. Tá na próisis siombóise tionsclaíche i slabhraí luacha réigiúnacha tábhachtach. Baineann gné chríochach le haistriú gheilleagair na hEorpa chuig samhail chiorclach áitbhunaithe a bheidh áeráidneodrach agus neodrach ó thaobh carbóin de, agus féadfaidh sé réigiúin fheidhmiúla a neartú. Braitheann rath eacnamaíoch in áiteanna ar iomaíochas agus ar chruthaitheacht a gcuid fiontar agus a gcuid cuideachtaí nuathionscanta, chomh maith le sócmhainní áitiúla, saintréithe agus traidisiúin, caipiteal daonna, cultúrtha agus sóisialta agus inniúlachtaí nuálaíochta. Go ginearálta, is fearr is féidir le ceantair uirbeacha glacadh le treochtaí gaolmhara, seachas ceantair is tearc daonra agus ceantair imeallacha inmheánacha a mbíonn easpa mais chriticiúil iontu go minic. Mar sin féin, d'fhéadfadh bailte agus cathracha beaga, chomh maith le háiteanna ina bhfuil ardleibhéil ceardaíochta, tairbhe a bhaint as geilleagar ciorclach i dtéarmaí gníomhaíochtaí deisithe, athúsáide agus roinnte, ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

(41) **Oidhreacht nádúrtha, tírdhreacha agus chultúrtha:** Is sócmhainní áitiúla agus réigiúnacha iad an oidhreacht chultúrtha agus an oidhreacht nádúrtha agus cuireann siad deiseanna uathúla ar fáil maidir le forbairt agus le timpeallachtaí maireachtála ardcháilíochta. Ba cheart úsáid inbhuanaithe agus éifeachtach acmhainní a bheith chun tairbhe pobal áitiúil agus deiseanna gnó áitiúil a chur chun cinn. Mar sin féin, féadfaidh róshaothrú na sócmhainní sin a bheith ina bhagairt ar an ngeilleagar áitiúil nó réigiúnach. Féadfaidh uirbiú, diantalmhaíocht agus dianiascach, táirgeacht fuinnimh, mianadóireacht, gníomhaíochtaí tionsclaíocha, iompar agus forbairtí eile bonneagair, fadhbanna tromchúiseacha a chruthú, go háirithe má bhíonn siad neamh-chomhordaithe. D'fhéadfadh saothrú méadaithe agus neamh-chomhordaithe maidir le spás muirí agus acmhainní muirí tionchar a imirt ar fhorbairt inbhuanaithe, agus d'fhéadfadh athruithe ar úsáid talún agus mara, uirbiú agus ollturasóireacht a bheith ina mbagairt ar shócmhainní cultúrtha agus ar thírdhreacha, agus gnáthóga nádúrtha agus conairí éiceolaíocha a ilroinnt.

## An gá atá le gníomhú

(42) Tá an neamhionannas idir áiteanna agus idir daoine chomh maith le forbairtí neamh-inbhuanaithe ar leibhéal criticiúil san Eoraip. Tá gá le gníomhaíocht chomhbheartaithe ar gach leibhéal geografach agus rialachais chun ionchais dhearfacha a áirithiú do gach duine, gach pobal agus gach áit san Eoraip amach anseo. Is mithid tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bhíonn ag beartais earnála ar chríocha, agus aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach. Féachaimid le rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe agus leis an Eoraip a choimeád le chéile trí na tosaíochtaí críochacha seo a leanas don Eoraip a sholáthar.

# III Tosaíochtaí críochacha don Eoraip

(43) Chun todhchaí inbhuanaithe a áirithiú do gach áit agus do gach duine san Eoraip éilítear gníomhaíocht bunaithe ar:

- an gcomhthuiscint go bhfuil riachtanais forbartha dhifriúla ag áiteanna difriúla san Eoraip agus go mbeidh tionchair dhifriúla ag a gcuid forbairtí amach anseo, ar comhthuiscint í a fhéadtar a mhéadú trí eolas a roinnt agus trí thaithí a fhaightear ó réitigh shonracha agus na scéimeanna tacaíochta gaolmhara a ghabhann leo; agus

- comhar agus comhordú idir áiteanna, leibhéil rialtas, earnálacha beartais agus grúpaí sa tsochaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna casta agus chun leas a bhaint as poitéinseal éagsúil, lena n-áirítear trí Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, Beartas Forbartha Tuaithe, Interreg nó uirlisí eile lena gcuirtear feabhas ar fhorbairt chomhtháite chríochach nó áitiúil.

(44) Tugaimid sainmhíniú ar dhá chuspóir uileghabhálacha dá bhrí sin, Eoraip Chóir agus Eoraip Ghlas, ag a bhfuil 6 chuspóir maidir le críoch na hEorpa a fhorbairt ina hiomláine, chomh maith le gach áit inti.

## Eoraip Chóir

lena sholáthrófar ionchais amach anseo do gach áit agus do gach duine

(45) Leis na tosaíochtaí faoin Eoraip Chóir, leagtar béim ar an ngné chríochach agus ar rannchuidiú na pleanála spásúla le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha. I measc na dtosaíochtaí sin tá an comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch, Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, Eoraip atá níos gaire do shaoránaigh, forbairt níos ionchuimsithí, níos inbhuanaithe agus níos comhtháite ar áiteanna, Aistriú Cóir agus comhtháthú críochach san Eoraip.

## Eoraip Chothromaithe

### Forbairt chríochach a bheidh níos cothromaithe trí leas a bhaint as éagsúlacht na hEorpa

(46) Cuirtear poitéinseal forbartha nach beag ar fáil le héagsúlacht chríochach na hEorpa. Féadfaidh sé sin cur le forbairt chríochach níos cothromaithe, chun gníomhú in aghaidh an iomarca comhchruinnithe, poil fáis thánaisteacha a neartú agus neamhionannas idir daoine agus idir áiteanna a laghdú. Rannchuidíonn comhar i líonraí polalárnacha de chathracha, de cheantair uirbeacha agus de réigiúin le poitéinseal forbartha a leathadh amach ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, rachaimid i mbun gnímh chun comharsanachtaí, pobail, bardais, contaetha, réigiúin agus na Ballstáit a spreagadh le bheith ag obair i gcomhar ar fhreagairtí ar dhúshláin dhomhanda don tsochaí agus chun feabhas a chur ar dhálaí oibre, maireachtála agus gnó i ngach áit, chomh maith le rathúnas socheacnamaíoch, inniúlacht nuálaíochta, suíomhanna ar shlabhraí luacha domhanda agus iomaíochas domhanda a neartú ar fud na hEorpa.

(47) Déantar dochar d'fhorbairt chríochach chothromaithe le polarú idir lár agus imeall na hEorpa, a príomhchathracha, ceantair uirbeacha, cathracha, bailte, ceantair thuaithe agus ceantair ina bhfuil gnéithe sonracha geografacha agus déimeagrafacha. Baineann poitéinseal tearcshaothraithe le bailte beaga agus meánmhéide go háirithe, maidir leis an bpolarú a mhaolú. Tá ról ríthábhachtach acu san fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach agus san fholláine shóisialta, go háirithe mar gheall ar an inrochtaineacht leordhóthanach náisiúnta agus idirnáisiúnta atá acu ar sheirbhísí ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Féadfaidh líonraí polalárnacha rannchuidiú le hiompar níos inbhuanaithe freisin. Iarraimid ar an lucht ceaptha beartas ó gach leibhéal samhlacha forbartha polalárnacha a chur chun cinn lena gcuirfear ról ar fáil do gach áit.

(48) Tá críocha éagsúla san Eoraip, amhail criosanna cósta, oileáin, ceantair shléibhe, ceantair imeallacha inmheánacha, mánna, gleannta aibhneacha agus abhantracha lochanna. Tá dúshláin forbartha agus poitéinseal ar leith ag na críocha sin ar fad, cé go gciallaíonn iargúltacht agus saintréithe na réigiúin is forimeallaí go bhfuil dúshláin forbartha ar leith rompu. Déanfaimid beart chun cinnteoirí ar gach leibhéal rialachais a spreagadh chun poitéinseal uathúil na

gcríoch lena mbaineann ceantair gheografacha shonracha a scaoileadh agus chun aghaidh a thabhairt ar shrianta na gceantar sin go leordhóthanach trí chuir chuige chomhtháite agus chomhoibritheacha.

## Réigiúin Fheidhmiúla

### Forbairt réigiúnach agus áitiúil chóineasaithe, níos lú neamhionannais idir áiteanna

(49) Is spreagthóirí na forbartha eacnamaíche agus sóisialta iad cathracha agus bailte de gach méid, agus is áiteanna tarraingteacha iad chun bheith i do chónaí agus obair iontu, chun cuairt a thabhairt orthu agus chun infheistiú iontu. Ach comhar agus líonrú a dhéanamh laistigh de chathracha, bailte agus a gceantair máguaird sa réigiún céanna, agus eatarthu, cruthaítear ionchais fhorbartha do gach áit, agus an gá le naisc uirbeacha thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh. Is minic a bhriseann réigiúin fheidhmiúla den sórt sin le teorainneacha riaracháin atá ann cheana féin. Tá difríochtaí eatarthu de réir na saintréithe feidhmiúla agus an idirnaisc, tá siad thar a bheith dinimiciúil agus féadfaidh siad athrú le himeacht aimsire. Féadfaidh cinnteoirí i gcathracha agus i mbailte atá ag breathnú níos faide ná a dteorainneacha riaracháin chun dul i gcomhar lena gceantair máguaird cuidiú lena n-áiteanna feidhmiú mar spreagthóirí don fhás inréigiúin. Tá an méid sin chun leasa, ní chun aimhleasa, na bpobal agus na gceantar tuaithe timpeall orthu. Le chéile, féadfaidh cathracha, bailte agus a gceantair máguaird timpeallacht maireachtála shláintiúil agus inacmhainne a áirithiú, tuilleadh sraoilleáil uirbeach a sheachaint agus tógáil talún a laghdú. Lorgóimid idirphlé le cinnteoirí i gcathracha agus i mbailte de gach méid chun cur chuige rialachais il-leibhéil comhtháite a chur i bhfeidhm. Ciallaíonn sé sin go mbeadh daoine ó leibhéil rialachais éagsúla rannpháirteach, go háirithe leibhéil áitiúla agus réigiúnacha, chomh maith le hearnálacha beartais agus grúpaí éagsúla sa tsochaí.

(50) San Eoraip Tá ceantair éagsúla uirbeacha, pheirea-uirbeacha, thuaithe, imeallacha agus ceantair is tearc daonra . Tá leithscaradh nó dídhaonrú géar i roinnt de na ceantair sin. Baineann a gcuid forbartha go dlúth le saintréithe áitiúla uathúla agus a gcaidrimh le háiteanna eile, le hinrochtaineacht agus

rochtain ar sheirbhísí poiblí, le deiseanna oideachais agus naisc idirlín, le gníomhaíochtaí eacnamaíocha éagsúlaithe agus fiontraíocht, chomh maith lena bhfeidhmeanna éiceolaíocha agus a seirbhísí éiceachórais. Dírítear ar na gnéithe sin ar scála uirbeach i gCairt Nua Leipzig. Déanfaimid caidreamh le cinnteoirí áitiúla agus réigiúnacha chun comhar ar straitéisí áitbhunaithe fadtéarmacha do na háiteanna sin a neartú agus chun aghaidh a thabhairt ar naisc fheidhmiúla inbhuanaithe idir ceantair chomharsanachta, lena n-áirítear trí phleanáil spásúil agus uirlisí i mBeartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, sa Bheartas Forbartha Tuaithe agus i mbeartais an Aontais amhail infheistíochtaí críochacha comhtháite (ITI), forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (CLLD – LEADER) nó ceann ar bith de na huirlisí eile a chuireann le forbairt chríochach nó áitiúil. Seans go mbeidh siad sin ann sa chríoch cheana féin.

## Comhtháthú Thar Theorainneacha

### Maireachtáil agus oibriú níos éasca thar theorainneacha náisiúnta

(51) Le comhar críochach agus muirí idir áiteanna i dtíortha éagsúla, cuidítear le húsáid níos fearr a bhaint as poitéinseal forbartha agus le dul i ngleic le dúshláin choiteanna. Ach dul i bpáirt le chéile thar theorainneacha, lena n-áirítear cláir agus tionscadail Interreg, is féidir mais chriticiúil a chruthú le haghaidh forbartha agus sineirgí a chur chun cinn agus, san am céanna, ilroinnt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil agus seachtrachtaí diúltacha a mhaolú.. Áirítear leis sin éiceachórais, oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha, margaí saothair, soláthar seirbhísí poiblí agus líonraí cathracha scartha le teorainneacha inmheánacha, seachtracha, talún nó muirí. Déanfaimid beart chun comhar cobhsaí trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a leabú i straitéisí macrairéigiúnacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Áirítear ar shamplaí de chuir chuige a éascaíonn comhar idir ceantair riaracháin thar thionscadail aonair, comhar Interreg straitéiseach, an Tionscnamh maidir le Pobal Eolais agus Nuálaíochta leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Theicneolaíocht (Tionscnaimh EIT KIC), ardáin na Straitéise um Speisialtóireacht Chliste (S3), Cuibhreannais an Aontais Eorpaigh um Shlabhra Luacha Straitéiseach, comhar faoin bhFís Eorpach, Grúpálacha Eorpacha um

Chomhar Críochach (GECC), cláir phríomhshrutha um Beartas Comhtháthaithe an Aontais, straitéisí macrairéigiúnacha, comhar idir-uirbeach, rialachas réigiún feidhmiúil, pleanáil trasteorann agus comhaontuithe dlíthiúla trasteorann. Tacaímid freisin le doiciméid straitéiseacha nua a fhorbairt, nuair is gá, agus le comhfhorbairt a chur chun cinn, a mbeadh saoránaigh thar theorainneacha páirteach inti.

(52) Tá go leor bacainní dlíthiúla agus riaracháin maidir le comhar thar theorainneacha a dhoimhniú. Treiseoimid an t-idirphlé leis an lucht déanta beartas ar gach leibhéal rialachais chun beartais earnála náisiúnta idir tíortha a chomhordú agus chun na bacainní ar chomhar atá ann faoi láthair a mhaolú.

## Eoraip Ghlas

a chosnaíonn slite beatha coitianta agus a mhúnlaíonn aistriú sochaíoch

(53) Le tosaíochtaí na hEorpa Glaise, leagtar béim ar an ngné chríochach agus ar rannchuidiú na pleanála spásúla maidir le tosaíochtaí beartais uileghabhálacha amhail Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch, an Comhaontú Glas don Eoraip, Comhaontú Pháras, Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, an Coinbhinsiún um Thírdhreach na hEorpa agus Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh. Baineann tosaíochtaí ábhartha eile le hEoraip atá oiriúnach don aois dhigiteach, soghluaisteacht inbhuanaithe agus líonra iompair Eorpach atá comhtháite go hiomlán, an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach san Eoraip agus cur i bhfeidhm chur chuige atá bunaithe ar éiceachóras.

### Comhshaol Sláintiúil

Slite beatha éiceolaíocha níos fearr, bailte, cathracha agus réigiúin atá aeráidneodrach agus athléimneach

(54) Tá éiceachórais, lena n-áirítear éiceachórais talmhaíochta, foraoise, féarthailte, fionnuisce agus muirí, bunúsach do mhaireachtáil an duine agus tá siad

tábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach. Is freagracht chomhchoiteann é a áirithiú go bhfuil siad inrochtana don phobal i gcoitinne, ag feidhmiú go maith, athléimneach, feabhsaithe, i riocht shláintiúil agus go gcruthaíonn siad ioncam don daonra áitiúil agus do ghnólachtaí áitiúla. Cuidíonn sé sin leis an athrú aeráide a mhaolú, le dul i ngleic le caillteanas bithéagsúlachta, le soláthar seirbhísí éiceachórais a áirithiú agus le feasacht an phobail faoi gach ceann de na nithe sin thuas a ardú. Tá tábhacht ar leith ag baint le bainistíocht chomhtháite, agus sonraíochtaí geografacha difriúla á gcur san áireamh. Tacaímid le forbairt réiteach atá bunaithe ar an dúlra, chomh maith le líonraí bonneagair ghlais agus ghoirm a nascann éiceachórais agus limistéir faoi chosaint i mbeartais maidir le pleanáil spásúil, bainistíocht talún agus beartais eile, agus le forbairt uirlisí bainistithe géarchéime nua chun cur le sábháilteacht agus le hathléimneacht áiteanna.

(55) Leis an athrú aeráide agus caillteanas na bithéagsúlachta, cruthaítear an riosca go mbainfear de shlite beatha. Tá straitéisí bainistithe riosca agus tubaiste, chomh maith le bearta coisctheacha tábhachtach chun pobail athléimneacha a chruthú. Beidh meas againn ar theorainneacha nádúrtha shlite beatha coitianta na hEorpa agus méadóimid athléimneacht na n-áiteanna ar fad a mbíonn tionchar ag an athrú aeráide orthu. Is féidir é sin a dhéanamh trí straitéisí áitiúla agus réigiúnacha a fhorbairt le haghaidh bailte, cathracha agus réigiún aeráidneodracha. Áirítear leis na bearta maolaithe agus oiriúnaitheacha féideartha úsáid na talún inbhuanaithe a chur chun cinn, spásanna oscailte agus ceantair ghlasa phoiblí, ceantair talún agus chósta dhíghrádaithe a athchóiriú, dul i ngleic le dífhoraoisiú agus aigéin agus dobharlaigh a chaomhnú. Féadfaidh gníomhartha eile a bheith bainteach leis an tsraoilleáil uirbeach agus teasoileáin uirbeacha a chosc, an bonneagar glas a chur chun feidhme, cáilíocht an aeir a fheabhsú, a áirithiú nach mbeidh aon ghlantógáil talún ann faoi 2050, soláthar seirbhísí éiceachórais a neartú agus comhtháthú na pleanála spásúla talún agus muirí a fheabhsú.

(56) Is sócmhainn uathúil agus éagsúil í oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha na hEorpa a bhfuil tuilleadh cosanta, bainistithe agus forbartha le déanamh uirthi. Ní mór do cheantair ina bhfuil an-chuid oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha nó tírdhreacha uathúla an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sócmhainní sin agus

as an acmhainneacht neamhshaothraithe a bhaineann leo. Ní mór dóibh cothromaíocht a bhaint amach idir caomhnú an dúlra, úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha agus as an bhforbairt eacnamaíoch, lena n-áirítear trí phoist atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chruthú, fás agus folláine pobail a chothú, nó oibriú le fiontraithe sóisialta nuálacha. Díreoimid ar fheasacht a neartú agus ar phobail áitiúla agus réigiúnacha a chumasú chun a dtimpeallachtaí (tógtha), a dtírdhreacha, a sócmhainní cultúrtha ábhartha agus neamhábhartha, agus a luachanna uathúla eile a chosaint, a athshlánú, a úsáid agus a athúsáid trí uirlisí i mBeartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, sa Bheartas Forbartha Tuaithe, sa phleanáil spásúil nó trí aon uirlis eile lena bhfeabhsaítear forbairt chomhtháite chríochach nó áitiúil i measc uirlisí eile. Seans go mbeidh siad sin ann agus éifeachtach sa chríoch cheana féin.

## AN GEILLEAGAR CIORCLACH

### Geilleagair áitiúla láidre agus inbhuanaithe i ndomhan domhandaithe

(57) Ciallaíonn ciorclacht sreafaí ábhar, uisce agus fuinnimh a bhainistiú. Áirítear ann táirgí lena n-áirítear foirgnimh, ábhair tógála agus fuíolluisce a athúsáid agus a athchúrsáil, bunaithe ar mheasúnú saolré agus ar athchóiriú fuinnimh le haghaidh foirgneamh. Tá aistriú gheilleagair na hEorpa chuig samhail chiorclach áitbhunaithe a bheidh áeráidneodrach agus neodrach ó thaobh carbóin de ag brath ar iomaíochas agus ar shócmhainní gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha. I ngeilleagar domhanda, is gá, chun é sin a bhaint amach, próisis siombóise tionsclaíche a thógáil lena dtugtar iomaíochas domhanda agus sócmhainní áitiúla le chéile. Tacaímid le haistriú na hEorpa chuig geilleagar ciorclach agus le forbairt na bpróiseas siombóise tionsclaíche áitbhunaithe, agus an gá atá le húsáid inbhuanaithe ithreach agus talún á chur san áireamh.

(58) D'fhonn úsáid níos fearr a bhaint as sócmhainní críochacha ilghnéitheacha na hEorpa don aistriú chuig geilleagar ciorclach, tacaímid le forbairt straitéisí áitiúla agus réigiúnacha maidir le geilleagar ciorclach lena nascfar geilleagair áitiúla agus domhanda. Ba cheart do na straitéisí sin tógáil ar shócmhainní áitiúla agus ar an inniúlacht dul i mbun nuálaíochta fad a chónaisctear próisis aistrithe

fuinnimh agus eacnamaíocha le haghaidh geilleagar ciorclach áitbhunaithe. Féadfaidh straitéisí um speisialú cliste agus beartais Eorpacha um thaighde agus nuálaíocht, amhail Fís Eorpach nó an Tionscnamh Comhphleanála ar an Eoraip Uirbeach, ról tábhachtach a imirt san aistriú chuig geilleagar ciorclach.

(59) Tá táirgí áitiúla, margaí timpeallachtaí gnó, oiliúint, fiontraíocht, tuilleadh neamhthuilleamaíochta agus pobail láidre tábhachtach chun geilleagair áitiúla athléimneacha agus buntáistí don chomhshaol a chruthú. Cuidíonn geilleagair áitiúla éagsúlaithe le leochaileacht ó thaobh fórsaí seachtracha a laghdú fad a thugtar cúnamh do phróisis aistrithe fuinnimh agus eacnamaíocha. Spreagaimid neartú inniúlachtaí nuálaíochta i ngach réigiún, lena n-áirítear straitéisí áitiúla don aistriú fuinnimh agus bearta sna hearnálacha tógála, iompair agus bithgheilleagair.

## NAISC INBHUANAITHE

### Nascacht inbhuanaithe áiteanna, go digiteach agus go fisiciúil

(60) Tá naisc dhigiteacha agus fhisiciúla tábhachtach do shochaithe agus do gheilleagair na hEorpa agus cruthaíonn siad dúshláin ollmhóra don chomhshaol. Dá bhrí sin, tá gá le foirmeacha iompair agus nascachta atá cliste, inbhuanaithe agus sábháilte, go háirithe chun tacú le tosaíochtaí na hEorpa cothromaithe agus réigiúin fheidhmiúla.

(61) Féadfaidh an t-aistriú chuig sochaí dhigiteach inbhuanaithe tacú le forbairtí díláraithe agus inbhuanaithe. Tá an ríomhchuimsiú, ina mbaineann daoine, fiontair agus áiteanna tairbhe as an digitiú, ag brath ar rochtain chóir agus inacmhainne ar idirlíon ardcháilíochta, ar naisc fón móibíleach den chéad ghlúin eile agus scileanna digiteacha – fad a chuirtear saincheisteanna sláinte agus inbhuanaitheachta san áireamh. Baineann sé sin go háirithe le rochtain ar ríomh-rialachais agus ar ríomhsheirbhísí leasa ghinearálta a dhéanann difear do cháilíocht saoil agus d'iomaíochas áiteanna. Iarrfaimid ar pháirtithe leasmhara dul i mbun idirphlé faoin ngá atá le rochtain leordhóthanach ar líonraí cumarsáide ardluais fosaithe agus móibíleacha i ngach áit agus faoin ngá atá le bonneagar digiteach a bhfuil lorg carbóin íseal aige agus tionchar beag ar

shláinte an duine. Féadfaidh sé sin cuidiú le dálaí maireachtála agus gnó leordhóthanacha ar fud na hEorpa a áirithiú.

(62) Tá rochtain ar iompar paisinéirí agus lasta idirmhódúil tábhachtach do gach áit san Eoraip. Tá réitigh iompair éifeachtúla, atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ag éirí níos tábhachtaí an t-am ar fad chun cuspóirí aeráide, truaillithe aeir agus torainn a bhaint amach, chomh maith le hinrochtaineacht agus nascacht gach réigiúin san Eoraip. Áirítear leis sin modhanna iompair ar bhonn aonair, chomh maith le hiompar traschórais. Cuirfimid tuilleadh feabhais ar naisc idir pleanáil réigiúnach agus forbairt na nGréasán Tras-Eorpach (TEN), go háirithe feadh conairí croíghréasáin. Trí gach áit a nascadh le nóid iompair thábhachtacha, tacaítear le naisc don trádáil idirnáisiúnta agus le deiseanna don fhorbairt áitiúil. Tá Beartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa tábhachtach chun é sin a bhaint amach.

(63) Tá gréasáin iompair thánaisteacha agus áitiúla a nascann le gréasáin thrasnáisiúnta agus lárionaid uirbeacha fíor-riachtanach le haghaidh cáilíocht saoil agus deiseanna gnó. Baineann sé sin go háirithe le bailte, le ceantair thuaithe, imeallacha agus is tearc daonra, oileáin, ceantair shléibhe agus na réigiúin is forimeallaí. Iarraimid ar an lucht pleanála spásúla samhlacha nua atá forásach ó thaobh na sochaí agus an chomhshaoil de a fhiosrú le haghaidh 'soghluaisteacht-ar éileamh' áitiúil agus réigiúnach agus dul i gcomhar maidir le hinrochtaineacht ar lárionaid uirbeacha agus laistigh díobh, inrochtaineacht atá ilmhódach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Tá na huirlisí i mBeartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, pleananna soghluaisteachta uirbí inbhuanaithe nó aon uirlis eile lena gcuirtear feabhas ar fhorbairt chríochach nó áitiúil chomhtháite tábhachtach chun é sin a bhaint amach agus seans go mbeidh siad sin ann sa chríoch cheana féin, go héifeachtach.

# IV Tosaíochtaí a chur i ngníomh

(64) Ní mór tacú leis na tosaíochtaí a leagtar amach i gClár Oibre Críochach 2030 le gníomhartha gníomhaithe tiomanta. Ní bheifear in ann aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar na tosaíochtaí sa Chlár Oibre Críochach go dtí sin, ná ar ábhair imní maidir le neamhionannas spásúil agus leis an aistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach/neodrach ó thaobh carbóin de. Nuair a chuirtear le chéile iad, ba cheart do na gníomhartha na nithe seo a leanas a neartú:

- rialachas il-leibhéil;
- cuir chuige áitbhunaithe;
- tionchar agus comhleanúnachas críochach i mbeartas earnálach comhordaithe;
- comhar idir críocha;
- comhtháthú críochach ar an leibhéal Eorpach;
- comhtháthú críochach ar leibhéal trasteorann, trasnáisiúnta, idir-réigiúnach agus inréigiúin; agus
- rannchuidiú le comhtháthú críochach ó na Ballstáit agus ó thíortha comharsanacha.

(65) Baineann na pointí thuas go dlúth leis na prionsabail maidir le dea-rialachas uirbeach a leagtar amach i gCairt Nua Leipzig. Is é atá iontu sin beartas uirbeach ar mhaithe le leas an phobail, cur chuige comhtháite, rannpháirtíocht agus comhchruthú, rialachas il-leibhéil agus cur chuige áitbhunaithe.

## Glao ar phríomh-ghníomhaithe

(66) Braitheann cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh ar chomhar il-leibhéil neamhfhoirmiúil idir na Ballstáit, údaráis fhonáisiúnta, an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún, Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, an Banc Eorpach Infheistíochta agus gníomhaithe ábhartha eile. Bhainfeadh cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh tairbhe

as comhar leis na daoine atá i gceannas ar an gClár Oibre Uirbeach, Cairt Nua Leipzig, an Ciste Comhtháthaithe, an Beartas Forbartha Tuaithe, cur chun feidhme Phlean Téarnaimh an Aontais agus straitéisí macrairéigiúnacha agus imchuach farraige an Aontais.

(67) Le **comhar idir-rialtasach na mBallstát**, déanfar comhar leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa, le Coiste Eorpach na Réigiún, le Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa agus leis an mBanc Eorpach Infheistíochta a neartú maidir le tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh ar an leibhéal Eorpach. Gach re bliain, pléifidh na Ballstáit an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh, go háirithe tionscnaimh agus gníomhartha, ag cruinniú de chuid an Líonra Pointí Teagmhála um Chomhtháthú Críochach (NTCCP). Pléifear torthaí maidir leis an dul chun cinn sin ag cruinnithe de chuid na nArd-Stiúrthóirí um Chomhtháthú Críochach (DGTC). Chun idirphlé maidir leis an idirghníomhú idir forbairt chríochach agus beartais earnála a neartú, d'fhéadfadh comhsheisiún le hionadaithe ó na hearnálacha beartais atá ábhartha ó thaobh críocha de a bheith mar chuid de chruinnithe DGTC.

(68) Déanfaidh **na Ballstáit ina n-aonar** tosaíochtaí an Chlár Oibre Chríochaigh a chur chun cinn agus páirt a thabhairt do ghníomhaithe ábhartha i ngach beartas earnálach agus ar gach leibhéal rialtais. Áirítear leis sin an Clár Oibre Críochach a chur chun cinn i bpróisis pleanála náisiúnta straitéiseacha, spásúla agus chríochacha, i gComhaontuithe Comhpháirtíochta agus i gcláir maidir le Beartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, i bpleananna náisiúnta téarnaimh agus i gcistí eile de chuid an Aontais, agus béim á leagan ar thábhacht phrionsabal na coimhdeachta chun nádúr na gcríoch a shainmhíniú agus chun idirghabhálacha spriocdhírithe agus tacaíocht a áirithiú i ngach Ballstát. Áirítear leis an Clár Oibre Críochach a chur in iúl agus oibriú i dtreo comhtháthú críochach ar an leibhéal náisiúnta in éineacht le haireachtaí earnála, údaráis fhonáisiúnta agus an tsochaí shibhialta.

(69) Iarrtar ar **údaráis fhonáisiúnta agus ar chomhlachtaí fonáisiúnta**, lena n-áirítear iad siúd ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, agus ar a gcomhlachais náisiúnta, an Clár Oibre Críochach a chur chun feidhme agus bearta a

dhéanamh chun páirt a thabhairt do ghníomhaithe ábhartha. Áirítear leis sin tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a chur san áireamh ina gcuid pleanála spásúla agus ina straitéisí agus a mbeartais uileghabhálacha maidir le forbairt, chomh maith le hinspioráid a fháil ó ghníomhartha píolótacha agus a dtograí féin maidir le gníomhartha píolótacha nua a chur in iúl. Spreagtar iad, go háirithe, dul i gcomhar le críocha comharsanacha agus le háiteanna lena mbaineann poitéinseal comhchosúil nó comhlántach, nó dúshláin chomhchosúla nó chomhlántacha, agus dul i gcomhar leis na gníomhairí atá páirteach iontu. Ina theannta sin, iarrtar ar údaráis fhonáisiúnta ról gníomhach a ghlacadh i ndíospóireachtaí réigiúnacha, náisiúnta agus Eorpacha maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh.

(70) Iarrtar ar an g **Coimisiún Eorpach** rannchuidiú le tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh agus a iarrachtaí maidir le comhtháthú críochach san Eoraip agus an ghné chríochach i mbeartais an Aontais a chur chun cinn, agus maidir le beartais earnála a chomhordú, a neartú tuilleadh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin an ghné chríochach sa Seimeastar Eorpach agus i Measúnuithe Tionchair a neartú, agus úsáid á baint as na huirlisí atá ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar thionchair chríochacha agus ar rannpháirtíocht níos láidre páirtithe leasmhara, chomh maith le tuilleadh cur chun cinn – faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh agus faoi bheartais eile an Aontais – a dhéanamh ar fhorbairt chríochach chomhtháite, glacadh uirlisí agus ionstraimí ábhartha, comhar críochach, agus inspioráid a fháil ó ghníomhartha píolótacha agus í a leanúint.

(71) Iarrtar ar **Pharlaimint na hEorpa** an Clár Oibre Críochach a thabhairt ar aird agus breithniú a dhéanamh ar a thosaíochtaí sa Choiste um Fhorbairt Réigiúnach (REGI) agus i gcoistí agus in idirghrúpaí eile a bhfuil gné chríochach ag baint leo. D'fhéadfaí a áireamh leis sin abhcóideacht a dhéanamh ar son thosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh i bpróisis reachtacha an Aontais.

(72) Iarrtar ar **Choiste Eorpach na Réigiún**, mar chomhlacht comhairleach an Aontais a dhéanann ionadaíocht fhoirmiúil ar réigiúin agus ar bhardais ar leibhéal an Aontais, rannchuidiú le cur chun feidhme an Chláir Oibre

Chríochaigh agus le forbairt bhreise a dhéanamh air. Chuige sin, iarrtar ar Choiste Eorpach na Réigiún a chomhaltaí a chur ar an eolas faoin gClár Oibre Críochach agus faoin dul chun cinn ar a chur chun feidhme. Iarrtar air freisin údaráis áitiúla agus réigiúnacha san Eoraip a spreagadh chun an Clár Oibre Críochach a chur chun feidhme, dul i gcomhar le críocha agus le háiteanna comharsanacha, foghlaim ó ghníomhartha píolótacha agus a dtograí féin maidir le gníomhartha píolótacha nua a chur in iúl. Iarrtar ar Choiste Eorpach na Réigiún freisin cuspóirí an Chláir Oibre Chríochaigh a chur chun cinn ar leibhéal na hEorpa trína chuid oibre comhairliúcháin. Iarrtar air freisin glacadh uirlisí agus ionstraimí críochacha, amhail measúnuithe tionchair, Grúpálacha Eorpacha um Chomhar Críochach (GECC), agus forbairt chríochach chomhtháite faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh, agus forbairt bhreise orthu, a chur chun cinn.

(73) Iarrtar ar **Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa** a chomhaltaí a chur ar eolas faoi thosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh agus iad a spreagadh chun dul i gcomhar maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh. Áirítear leis sin béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le comhpháirtithe sochaí shibhialta chun todhchaí inbhuanaithe do gach áit a áirithiú agus chun CLLD agus aon uirlis eile a éascaíonn forbairt chríochach chomhtháite agus comhar a neartú. Ina theannta sin, iarrtar orthu abhcóideacht a dhéanamh ar son thosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh i ndíospóireachtaí beartais ar an leibhéal Eorpach.

(74) Iarrtar ar **Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta** tosaíochtaí agus gníomhartha an Chláir Oibre Chríochaigh a léiriú, de réir mar is iomchuí, ina iasachtú, ina chumasc iasachta-deontais agus ina chur chuige maidir le seirbhísí comhairleacha, agus an gá atá le tacaíocht a thabhairt do straitéisí inbhuanaithe um fhorbairt chríochach gan a smacht airgeadais a chur i mbaol á chur i láthair. Ós rud é go bhféadfaidh Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ról tábhachtach a imirt maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe de gach méid a mhaoiniú i réimsí a chumhdaítear faoin gClár Oibre Críochach, iarrtar air rannchuidiú le gníomhartha píolótacha, go háirithe chun tacú le forbairt ar chuir chuige níos fearr i leith maoiniú sa chomhthéacs críochach a chomhlánaíonn an Coimisiún Eorpach. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tacú le hinfheistíochtaí áit-

íogaireacha trí iasachtú, cumasc iasachta-deontais agus comhairle a chur ar na Ballstáit agus ar phríomh-ghníomhaithe faoi thionscadail chríochacha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm, chomh maith le hionstraimí airgeadais a úsáid.

(75) Iarrtar ar **chomhlachais Eorpacha agus náisiúnta** a thugann aghaidh ar fhorbairt spásúil agus/nó a dhéanann ionadaíocht ar rialtais áitiúla agus réigiúnacha a gcomhaltaí a chur ar an eolas faoi thosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh agus iad a spreagadh chun an Clár Oibre a chur chun feidhme, dul i gcomhar le críocha agus le háiteanna comharsanacha, foghlaim ó ghníomhartha píolótacha agus a dtograí féin maidir le gníomhartha píolótacha nua a chur in iúl. Ina theannta sin, spreagtar iad chun abhcóideacht a dhéanamh ar son thosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh i ndíospóireachtaí beartais ar leibhéal trasnáisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa.

## Cur chun feidhme trí ghníomhartha tiomnaithe

(76) Is féidir gníomhartha a chuireann an Clár Oibre Críochach i ngníomh a dhéanamh ar aon leibhéal rialachais agus is féidir éagsúlacht ó thaobh saintréithe agus saindírithe a bheith ag baint leo. Iarrtar ar gach príomh-ghníomhaí an Clár Oibre Críochach a chur chun feidhme i gcomhthéacs a ghnáth-shainordaithe. Ní bheifear in ann aghaidh a thabhairt go hiomchuí ar neamhionannas spásúil go dtí sin, ná ar an aistriú sochaíoch chuig geilleagar atá aeráidneodrach/neodrach ó thaobh carbóin de.

(77) Chun comhghníomhartha a spreagadh ar fud na hEorpa, déantar cleachtais a rannchuidíonn le tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a bhaint amach a léiriú, a thástáil agus a fhorbairt trí ghníomhartha píolótacha. Léiríonn na gníomhartha sin go bhfuil méadú ag teacht ar an aitheantas a thugtar don tábhacht a bhaineann le beartais áitbhunaithe trí bhíthin an tslí a bhféadtar aghaidh a thabhairt go gníomhach ar ghné chríochach beartas réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach a thaispeáint. Díríonn siad ar fhoghlaim, ar dhea-chleachtais a roinnt, ar bhealaí chun tosaigh a bheith á bhforbairt ag meithleacha comhpháirteacha, nó ar chur chun feidhme. Moltar do chách na

gníomhartha sin a leanúint go cúramach, glacadh le spreagadh agus tograí maidir le gníomhartha nua a chur in iúl. Féadfaidh gníomhartha a thugann aghaidh ar thosaíochtaí an Chláir Oibre Uirbigh, Chairt Nua Leipzig, agus an Chláir Oibre Chríochaigh naisc idir beartais uirbeacha agus beartais chríochacha a neartú.

## Comhordú

(78) Déanfar gníomhaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh a chomhordú ag cruinnithe de chuid na nArd-Stiúrthóirí um Chomhtháthú Críochach (DGTC), déanfaidh an Líonra Pointí Teagmhála um Chomhtháthú Críochach (NTCCP) iad a ullmhú agus tacóidh Meitheal an Chláir Oibre Chríochaigh (TAWG) leo.

(79) Leis an gcéad chlár comhair ESPON eile, leanfar de thacaíocht agus comhairle a chur ar fáil don phróiseas cur chun feidhme agus d'Uachtaránachtaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus neartófar iad, e.g. trí fhaireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus trí fhianaise agus eolas a bhaineann le Clár Oibre Críochach 2030 a chur in iúl ar bhealach saindírithe.

(80) Le gníomhaíochtaí comhordaithe an Chláir Oibre Chríochaigh 2030 déanfar an méid seo a leanas:

- féachfar lena áirithiú go mbeidh gníomhaíochtaí agus gníomhartha píolótacha trédhearcach, go ndéanfaidh (ionadaithe ó) na Ballstáit, gníomhaithe fonáisiúnta agus an Coimisiún Eorpach iad a shamhlú agus tacú leo, go dtreiseoidh siad a chéile agus go mbeidh an tionchar is fearr is féidir acu ar cheapadh beartas náisiúnta agus an Aontais;

- déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus gníomhartha píolótacha go tráthrialta; agus

- cuirfear cuspóirí agus tosaíochtaí an Chláir Oibre Chríochaigh, chomh maith leis an bpróiseas maidir le cur chun feidhme, in iúl do ghníomhaithe ar leibhéal fonáisiúnta, náisiúnta agus Eorpach.

## Bearta leantacha

(81) Iarrtar ar na hUachtaránachtaí ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo bearta leantacha a dhéanamh ar Chlár Oibre Críochach 2030 agus cur in iúl, cur i bhfeidhm agus rialachas an Chláir Oibre a neartú tuilleadh:

(82) **Cumarsáid** faoin dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chláir Oibre Chríochaigh agus an chomóraidh 25 bliana agus 30 bliain ar Pheirspictíocht Spásfhorbartha na hEorpa (1999) in 2024 agus 2029 agus comóradh 20 bliain ar an gClár Oibre Críochach (2007) in 2027.

(83) **Cur i bhfeidhm** an Chláir Oibre Críochaigh lena n-áirítear díospóireacht faoi dhul chun cinn, lena n-áirítear gníomhartha píolótacha.

(84) **Rialachas** ina dírítear ar stocáireamh in 2024 lena n-áirítear athbhreithnithe ar an gcóras rialachais, dul chun cinn ar an gcur chun feidhme agus ábharthacht na dtosaíochtaí. Déanfar sin i bhfianaise na n-ullmhúchán do Bheartas Comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh i ndiaidh 2027. Iarrtar ar Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh sa chéad leath de 2025 cruinniú aireachta neamhfhoirmiúil a eagrú, chun cinneadh faoi athnuachan féideartha Chlár Oibre Críochach 2030 a chur in iúl.

territorialagenda.eu

#TerritorialAgenda
A future for all places